



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna 0016 /2018

Chuir: Príomhoidí, Múinteoirí agus Boird Bhainistíochta
I mBunscoileanna agus I Scoileanna Speisialta

Athghabháil do phróiseas na Féinmheastóireachta Scoile (FMS) i mbunscoileanna
Leasuithe ar riachtanais Imlitir 0039/2016

ACHOIMRE

- Tugtar soiléiriú san Imlitir seo ar an gcaoi inar chóir do bhunscoileanna athghabháil don phróiseas FMS idir seo agus 2020.
- Chun cuidiú le bunscoileanna athghabháil don phróiseas Féinmheastóireachta Scoile, tá leasú déanta ar bhunriachtanais Imlitir 0039/2016 ón Roinn.
- Sa tréimhse Márta 2018 go Meitheamh 2020, ba chóir do bhunscoileanna CEANN AMHÁIN NÓ DHÁ CHEANN D’ACHAIR CHURACLAIM NÓ GNÉITHE DEN TEAGASC AGUS FOGHLAIM (bunaithe ar na réimsí agus caighdeáin in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*) a roghnú mar fhócas dá bpróiseas féinmheastóireachta scoile (seachas an dá-ceithre réimse/gné a bhí de dhíth ar Imlitir 0039/2016).
- Seachas an t-athrú thuas, fanann an treoir agus an chomhairle a tugadh in Imlitir 0039/2016 i bhfeidhm.
- Tá raon tacaí d’fhéinmheastóireacht scoile ar fáil do bhunscoileanna:
 - Tá acmhainní agus samplaí den dea-chleachtas ar fáil ar www.schoolself-evaluation.ie
 - Tá eagrán speisialta den *Uasdátú FMS* foilsithe chun cuidiú le scoileanna lena n-athghabháil le FMS. Tá cóip iniata. Tá tuilleadh nuachtlitreacha uasdátaithe ar fáil ar www.schoolself-evaluation.ie
 - Tá cóipeanna breise de *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016 – 2020*

Bunscoileanna agus Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna á gcur chuig gach bunscoil.

- Beidh cigirí ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag tabhairt cuairteanna comhairleacha ar scoileanna chun plé a dhéanamh le príomhoidí agus múinteoirí maidir leis na bealaí inar féidir leo an próiseas FMS a úsáid go héifeachtach.
- Tá roinnt seimineár réigiúnacha á reáchtáil ag an gCigireacht le linn 2018 ag a mbeidh treoir ar fáil agus ag a gcomhroinnfear samplaí den dea-chleachtas. Déanfar áiteanna ag na seimineáir seo a leithdháileadh ar bhonn gach duine ar a sheal féin.
- Dúnadh scoile: Cuirfear lá pleanála breise ar fáil sa scoilbhliain 2018/19 chun tacú le cur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile. Beidh tuilleadh sonraí ar fáil go gairid.

1. AG ATHGHABHÁIL DON PHRÓISEAS FMS

I Meán Fómhair na bliana 2016, d'fhoilsigh an Roinn Imlitir 0039/2016, lenar leagadh amach na ceanglais ar scoileanna leanúint de ghabháil don féinmheastóireacht scoile (FMS) idir 2016 agus 2020. Chun tacú leis an dara timthriall seo de FMS, rinne an Chigireacht uasdátú ar ábhair FMS ar an suíomh gréasáin ar leith (www.schoolself-evaluation.ie) agus d'fhoilsigh sí dhá dhoiciméad a bhaineann léi:

- *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016 – 2020 Bunscoileanna*
- *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna.*

Is eol dúinn ó shin go bhfuil neart scoileanna ann nár ghabh go hiomlán don phróiseas féinmheastóireachta scoile, ar chúiseanna éagsúla. Is eol dúinn freisin go bhfuil scoileanna anois ábalta athghabháil don phróiseas FMS ar bhonn scoile uile.

Is éard is aidhm leis an imlitir seo ná soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi ba chóir do scoileanna gabháil don phróiseas FMS idir seo agus 2020.

Tá iniata leis an imlitir seo:

- Cóip d'Imlitir 0039/2016
- Cóip d'*Uasdátú FMS Eagrán 10* – Bunscoileanna.

2. TÁ LEASÚ DÉANTA AR NA RIACHTANAI FMS A BHÍ IN IMLITIR 0039/2016

In Imlitir 0039/2016 leagadh amach na riachtanais do scoileanna maidir lena ngabháil d'fhéinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim agus tugadh cur síos ar fhrámaí ama agus céimeanna cuí do phróiseas na féinmheastóireachta scoile don tréimhse 2016-2020. I roinn 4 den imlitir tugadh le fios gur chóir do scoileanna dhá cheann ar a laghad agus ceithre cinn ar a mhéid d'achair curaclaim nó gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim a roghnú mar fhócas dá bpróiseas féinmheastóireachta scoile ó 2016 go 2020.

Toisc nár ghabh scoileanna go hiomlán do phróiseas na féinmheastóireachta scoile, tuigeanann an Roinn go mb'fhéidir nach mbeidh siad ábalta na riachtanais sin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, **idir Márta 2018 agus Meitheamh 2020 ba chóir do scoileanna ceann amháin nó dhá cheann**

d’achair churaclaim nó gnéithe de theagasc agus foghlaim a roghnú mar fhócas dá bpróiseas féinmheastóireachta (seachas an dá go ceithre achar/gné a éilíodh le hImlitir 39/2016).

3. CONAS TOSÚ

Meabhraítear do scoileanna gur próiseas comhoibríoch, uileghabhálach agus athmhachnamhach don athbhreithniú inmheánach scoile í an fhéinmheastóireacht scoile. Is bealach oibre atá ann ina bhfuil fiosrú athmhachnamhach atá ina chúis le gníomhú d’fheabhsúchán atá bunaithe ar fhianaise a bhailítear laistigh den chomhthéacs uathúil atá ag gach scoil. Má tá athghabháil le féinmheastóireacht scoile le bheith bríoch, ba chóir do scoileanna an t-am a ghlacadh le scrúdú a dhéanamh ar chleachtais reatha teagaisc agus foghlama, an réimse fócais a shainaitheint agus ansin úsáid a bhaint as an bpróiseas sé-chéim mar a dtugtar síos air i *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirínite 2016-2020 Bunscoileanna*.

- B’fhéidir go mbeidh sé úsáideach do scoileanna scrúdú a dhéanamh arís ar an ngrafaic ar leathanach 3 d’Imlitir 0039/2016. Cuideoidh sé seo le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr le hathghabháil don phróiseas féinmheastóireachta, ó thaobh na foirne uile de, laistigh de chomhthéacs na scoile féin.
- B’fhéidir go mbeidh sé fiúntach do scoileanna fuilleach na scoilbhliana 2017/18 a úsáid mar thréimhse fhiosruithe faoin achar atá roghnaithe d’fhéinmheastóireacht scoile agus tús a chur le céim an fhorfheidhmithe faoi Mheán Fómhair 2018. Ba chóir an roinn i dtaca le teagasc agus foghlaim in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna*, atá ar fáil freisin in *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirínite 2016-2020 Bunscoileanna*, a úsáid nuair atá athmhachnamh agus meastóireacht á ndéanamh ar chleachtas reatha.
- Áirítear sa **chéim imscrúdaithe** na chéad chéimeanna sa phróiseas sé-chéim d’fhéinmheastóireacht scoile. Ba chóir do scoileanna cur chuige scoile uile a ghlacadh i dtaca leis an ngné de theagasc agus foghlaim nó achar curaclaim a bhfuil tosaíocht le tabhairt dó a **shainaitheint**. Is féidir leis an scoil ansin bogadh ar aghaidh chuig an gcéim do **bhailiú fianaise**. Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil an fhianaise a bhailítear soláimhsithe, úsáideach agus spriocdhírthe. Agus **anailís** déanta ar an bhfianaise, ba chóir na sonraí a úsáid ansin chun tátail a tharraingt. Cuirfidh sé seo ar chumas na scoile **tuairisc ghairid féinmheastóireachta scoile agus plean feabhsúcháin scoile** a chur i gcrích. Ba chóir go mbeadh spriocanna sainiúla d’fheabhsúchán sa phlean le béim ar an bhfoghlaim a fheabhsú. Ba chóir go n-áireodh sé na gníomhartha a dhéanfaidh múinteoirí i seomraí ranga chun na spriocanna a bhaint amach, chomh maith leis na próisis mhonatóireachta agus mheastóireachta.
- Agus an chéim imscrúdaithe críochnaithe, beidh scoileanna réidh chun tabhairt faoin gcéim chur i bhfeidhm. Áirítear sa **chéim chur i bhfeidhm** na céimeanna eile sa phróiseas: plean feabhsúcháin na scoile a chur i bhfeidhm agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar ar an bhfoghlaim.
- Tá sé tábhachtach a mheabhú go bhfuil FMS ceaptha le tacaíocht agus cuidiú a thabhairt do scoileanna ina gcuid oibre. Níl sé ceaptha le bheith ina tasc ann féin, ach le cur chuige a sholáthar a chuideoidh le próisis athraithe agus feabhsúcháin a bhainistiú. Mar shampla:
 - Is féidir FMS a úsáid chun cuidiú le scoil tabhairt faoi chur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile.

- Ba chóir do scoileanna DEIS an próiseas FMS a úsáid chun a bplean gníomhaíochta DEIS d'fheabhsúchán a fhorbairt: is é plean gníomhaíochta DEIS na scoile a plean FMS d'fheabhsúchán scoile agus níl plean feabhsúcháin breise nó plean feabhsúcháin eile ar leith de dhíth.
- Cuireann FMS creat ar fáil do gach scoil i limistéir phleanála teanga na Gaeltachta lena plean gníomhaíochta féin a fhorbairt chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú.

4. DÚNADH SCOILE CHUN CUIDIÚ LE CLEACHTAS COMHOIBRÍOCH NA MÚINTEOIRÍ

Cuirfear lá pleanála breise ar fáil sa scoilbhliain 2018/19 chun tacú le cur i bhfeidhm an Churaclam Teanga na Bunscoile. Beidh tuilleadh sonraí faoin ndúnadh breise seo ar fáil go gairid.

5. AG TACÚ LE FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE

Tá raon tacaí ar fáil do scoileanna agus iad ag athghabháil don phróiseas FMS, lena n-áirítear na tacaí seo a leanas.

- Ar an suíomh gréasáin FMS www.schoolself-evaluation.ie tá líon acmhainní atá ag méadú, lena n-áirítear físeáin, seimineáir ghréasáin agus ailt chun tacú le scoileanna agus iad ag gabháil don FMS.
- An tÚasdátú FMS: Is nuachtlitir é seo a eisítear dhá uair sa bhliain agus atá dírithe go hiomlán ar FMS. Tá *Uasdátú FMS Eagrán 10* iniata, agus tá sé seo, chomh maith leis na heagráin roimhe seo go léir, ar fáil ar shuíomh gréasáin FMS.
- Cuirteanna Comhairleacha FMS: Tá cigirí ar fáil chun cuairteanna comhairleacha FMS a thabhairt ar scoileanna. Ní dhéantar meastóireacht le linn na gcuirteanna seo agus tá siad dírithe ar thacú le scoileanna an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as an bpróiseas FMS. Chun cuairt a lorg, seol teachtaireacht r-phoist chuig info@schoolself-evaluation.ie
- Seimineáir réigiúnacha do cheannairí scoile: Beidh seimineáir réigiúnacha á n-eagrú ag an gCigireacht do phríomhoidí bunscoile sa téarma deiridh den scoilbhliain 2017/18. Tá sonraí faoi na hócáidí seo ar fáil ar an suíomh gréasáin FMS agus cuirfear in iúl iad trí fothaí Facebook agus Twitter na Cigireachta.
- Leanann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) de thacú le scoileanna agus iad ag gabháil don phróiseas FMS. Féach ar shuíomh gréasáin SFGM (www.pdst.ie) do sonraí.

6. CEISTEANNA MAIDIR LEIS AN IMLITIR SEO

Ba chóir ceisteanna maidir leis an imlitir seo a chur i dteachtaireacht r-phoist chuig Cigireacht na Roinne ag

info@schoolself-evaluation.ie

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An tAonad Rialachas Scoileanna

Márta 2018